2026/1032

18.5.2026

**CINNEADH (AE) 2026/1032 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Aibreán 2026**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Ghréig isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026)2556)*

**(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([2]), agus go háirithe Airteagal 58(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 ([3]), agus go háirithe Airteagal 15(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

(1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá na Ballstáit le pleananna a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta, le haghaidh gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Áireofar sna pleananna sin spriocanna feidhmíochta áitiúla atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh na tréimhse tagartha lena mbaineann.

(2) An 12 Meitheamh 2024, ghlac an Coimisiún spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4', 2025-2029). Leagadh síos na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún ([4]).

(3) An 1 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Ghréig dréachtphlean feidhmíochta le haghaidh TT4 faoi bhráid an Choimisiúin. Tar éis don Choimisiún iomláine an dréachtphlean feidhmíochta sin a fhíorú, chuir an Ghréig dréachtphlean feidhmíochta cothrom le dáta ('an dréachtphlean feidhmíochta') isteach an 15 Samhain 2024.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.
([2]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([3]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/2025-01-01.
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2024 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2025 agus dar críoch an 31 Nollaig 2029 (IO L, 2024/1688, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1688/oj).

(4) Chinn an Coimisiún nach gcomhlíonann na spriocanna acmhainneachta a leag an Ghréig síos sa dréachtphlean feidhmíochta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún agus nach gcomhlíonann na spriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige na critéir mheasúnaithe a leagtar síos i bpointe 1.4 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta agus costéifeachtúlachta atá sa dréachtphlean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 agus, an 16 Bealtaine 2025, thug sé fógra faoin méid sin don Ghréig trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 ón gCoimisiún ([5]). Sa Chinneadh sin, d'eisigh an Coimisiún moltaí don Ghréig d'fhonn comhsheasmhacht a spriocanna feidhmíochta leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 a áirithiú.

(5) An 7 Lúnasa 2025, chuir an Ghréig dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe le haghaidh TT4 isteach lena mheasúnú ag an gCoimisiún. Tar éis iomláine an phlean sin a fhíorú, chuir an Ghréig leagan cothrom le dáta den dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe ('an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe') isteach an 3 Deireadh Fómhair 2025.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha.

(7) Chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe le hathbhreithniú ar na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Mar sin féin, tá leithdháileadh na gcostas idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochfoirt dá dtagraítear i bpointe 2.1(d)(vii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 faoi réir athbhreithniú ar leithligh ón gCoimisiún bunaithe ar fhaisnéis bhreise a fuarthas ón nGréig i mí na Nollag 2025. Dá bhrí sin, níor tháinig an Coimisiún ar aon chonclúid, ag an gcéim seo, i leith chomhlíonadh phointí (e) agus (f) d'Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Airteagal 22(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ag an modheolaíocht sin maidir le leithdháileadh costas.

(8) Chuir an Bord um Athbhreithnithe Feidhmíochta ('BAF'), a thugann cúnamh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/2803, a thuairim faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige maidir le comhsheasmhacht na spriocanna sin leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais. Tá na torthaí a leagtar amach sa Chinneadh seo bunaithe ar an measúnú teicniúil mionsonraithe a leagtar amach i dtuairim BAF ([7]).

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na spriocanna sábháilteachta

(9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2025 maidir le spriocanna feidhmíochta áirithe atá san áireamh sna dréachtphleananna feidhmíochta náisiúnta agus sna dréachtphleananna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chuir an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais do cheathrú tréimhse thagartha scéim feidhmíochta agus muirearaithe an Aerspáis Eorpaigh Aonair (IO L, 2025/1040, 23.5.2025, p. 1-22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1040/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le Soláthar Seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/550/oj).

([7]) Tuairim Uimh. 1-2026 ón mBord Athbhreithnithe Feidhmíochta maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha (TT4), an 28 Eanáir 2026.

(10) Is iad seo a leanas na spriocanna feidhmíochta a mholann an Ghréig i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir an chuspóra bainistíochta sábháilteachta agus arna léiriú mar leibhéal cur chun feidhme:

| **An Ghréig** | **Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna léiriú mar leibhéal cur chun feidhme, i raon idir leibhéil A agus D de chuid EASA** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Soláthraí seirbhíse aerloingseoir-eachta** | **Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
| **HASP** | Beartas agus cuspóirí sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Bainistíocht riosca sábháilteachta | C | C | C | C | **D** |
| | Dearbhú sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Cur chun cinn sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Cultúr sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |

(11) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta a mholann an Ghréig le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta 'HASP' agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2025 go 2029, cé is moite den chuspóir 'bainistiú riosca sábháilteachta' a bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice uile-Aontais a bhaint amach ina leith sa bhliain 2029.

(12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe bearta le haghaidh HASP chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach, amhail athstruchtúrú eagraíochtúil, cultúr sábháilteachta a chur chun cinn, an líon cúrsaí oiliúna sábháilteachta a mhéadú, feabhas a chur ar an scéim measúnaithe inniúlachta do shaineolaithe sábháilteachta, nósanna imeachta éigeandála a chleachtadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir riosca.

(13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (10), (11) agus (12), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta áitiúla atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.

**Measúnú ar na spriocanna comhshaoil agus athbhreithniú ar na bearta chun iad a bhaint amach**

(14) Maidir le príomhréimse an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna comhshaoil a mholann an Ghréig i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa, arna tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún [8] agus a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4, is é sin an 2 Iúil 2024.

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthrácht (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj).

(15) Is iad seo a leanas na spriocanna feidhmíochta comhshaoil a mholann an Ghréig le haghaidh TT4 mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha le haghaidh TT4 ó Phlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa, arna léiriú mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír:

| An Ghréig | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil,** arna léiriú mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír | **2,11 %** | **2,08 %** | **2,03 %** | **1,97 %** | **1,93 %** |
| Luachanna tagartha | 2,11 % | 2,08 % | 2,03 % | 1,97 % | 1,93 % |

(16) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na spriocanna comhshaoil a mholann an Ghréig agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha le haghaidh gach bliana de TT4. Ar an mbonn sin, ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

(17) I gcomhréir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna comhshaoil atá sa phlean sin a bhaint amach.

(18) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an nGréig, sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, chun na spriocanna comhshaoil áitiúla a bhaint amach, lena n-áirítear córas nua bainistíochta aerthráchta ('BAT') a sholáthar agus aerspás saorbhealaigh trasteorann le tíortha comharsanacha a chur chun feidhme.

(19) I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040, mheas an Coimisiún gur cheart don Ghréig feabhas a chur ar na bearta chun a spriocanna comhshaoil le haghaidh TT4 a bhaint amach, lena n-áirítear trí ghealltanas a thabhairt i leith na mbeart oibríochtúil uile a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa agus trí dhlús a chur le cur chun feidhme an aerspáis saorbhealaigh trasteorann.

(20) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil gealltanas tugtha ag an nGréig ina dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe dhá bheart oibríochtúla eile a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa a dhéanamh i gcomparáid leis an dréachtphlean feidhmíochta a cuireadh isteach in 2024. Baineann na bearta oibríochtúla sin le haerspás saorbhealaigh trasteorann feabhsaithe le tíortha comharsanachta a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Choimisiún an gealltanas breise sin ón nGréig sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe ach athdhearbhaíonn sé freisin a thuairim, mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040, gur cheart don Ghréig gealltanas a thabhairt go gcuirfear chun feidhme na bearta oibríochtúla uile a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa. Iarrann an Coimisiún ar an nGréig aghaidh a thabhairt ar an mbarúil sin i dtaca lena phlean feidhmíochta deiridh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

**Measúnú ar na spriocanna acmhainneachta agus athbhreithniú ar na bearta chun iad a bhaint amach**

(21) I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta faoi bhealach atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Gréige a cuireadh isteach in 2024 ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais. Mhol an Ghréig spriocanna acmhainneachta faoi bhealach athbhreithnithe ina dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe.

(22) Is iad seo a leanas na spriocanna acmhainneachta faoi bhealach athbhreithnithe a mholann an Ghréig le haghaidh TT4, arna léiriú i nóiméid moille i mbainistíocht na sreibhe aerthráchta ('BSAT') in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochtaí Líonra:

| An Ghréig | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna athbhreithnithe i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**, arna léiriú i nóiméid moille BSAT in aghaidh na heitilte | **0,34** | **0,25** | **0,19** | **0,16** | **0,16** |
| Luachanna tagartha | 0,34 | 0,25 | 0,19 | 0,16 | 0,16 |

(23) Rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht spriocanna acmhainneachta athbhreithnithe na Gréige ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna acmhainneachta a mholann an Ghréig i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochtaí Líonra, arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún agus a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4, is é sin an 2 Iúil 2024.

(24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na spriocanna acmhainneachta athbhreithnithe a mholann an Ghréig agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha le haghaidh gach bliana de TT4.

(25) I gcomhréir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna acmhainneachta atá sa phlean sin a bhaint amach.

(26) Sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, tá bearta curtha i láthair ag an nGréig chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach, go háirithe maidir le córas BAT nua a chur in úsáid agus rialtóirí aerthráchta ('ATCOnna') breise a oiliúint agus a earcú. Tugann an Coimisiún dá aire gur mhínigh an Ghréig ina dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe go bhfuil na bearta ábhartha uile curtha san áireamh aici chun a spriocanna acmhainneachta TT4 a bhaint amach laistigh den phlean sin. Mar sin féin, sa tuairim uaidh maidir leis an measúnú ar dhréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige, chuir BAF amhras in iúl maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na bearta sin a chuir an Ghréig i láthair leordhóthanach chun gur féidir na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta a bhaint amach go héifeachtach. Dá bhrí sin, thug BAF le fios go ndéanfaidh sé dlúthfhaireachán ar bhaint amach na spriocanna acmhainneachta agus ar chur chun feidhme tráthúil agus cuí na mbeart feabhsaithe acmhainneachta atá beartaithe ag an nGréig le haghaidh TT4.

(27) Tugann an Coimisiún dá aire gur bhunaigh an Ghréig, sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe, príomhtháscaire feidhmíochta ('PTFanna') breise agus spriocanna feidhmíochta breise gaolmhara i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) agus Airteagal 10(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún. Baineann an PTF breise sin le baint amach tráthúil na ngarspriocanna chun infheistíochtaí nua áirithe i sócmhainní seasta a bhaint amach, ar infheistíochtaí iad atá ríthábhachtach chun acmhainneacht aerspáis a fheabhsú. Tá scéim dreasachta de chineál airgeadais curtha ar bun ag an nGréig freisin, i gcomhréir le hAirteagal 11(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, chun tacú leis na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta breise dá dtagraítear san aithris sin a bhaint amach.

(28) Ag tagairt d'aithris (27), is díol sásaimh don Choimisiún na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta breise agus an scéim dreasachta airgeadais gaolmhar a bhunaigh an Ghréig sa dhréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe. Measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis na dreasachtaí airgeadais a leagtar síos don soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta ina leith sin agus go bhfuil siad comhréireach i bhfianaise a chriticiúla atá sé na hinfheistíochtaí a bhaineann le hacmhainneacht a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chur chun feidhme go tráthúil agus go hordúil.

(29) Tríd is tríd, ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (22) go (28), measann an Coimisiún gur thug an Ghréig aghaidh leordhóthanach ar na moltaí a leagtar amach in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 maidir leis an athbhreithniú ar a spriocanna feidhmíochta acmhainneachta faoi bhealach. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur cheart a mheas go bhfuil na spriocanna acmhainneachta athbhreithnithe a chuir an Ghréig sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe agus dá dtagraítear in aithris (22) comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

(30) Mar sin féin, i bhfianaise bharúlacha BAF dá dtagraítear in aithris (26), agus i bhfianaise neamh-réadú na n-infheistíochtaí a bhí beartaithe i bplean feidhmíochta TT3 na Gréige dá dtagraítear in aithris (87) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 ón gCoimisiún, measann an Coimisiún gur cheart don Ghréig bearta breise a chur i bhfeidhm chun a spriocanna acmhainneachta faoi bhealach le haghaidh TT4 a bhaint amach. Thairis sin, tathantaíonn an Coimisiún ar an nGréig dlús a chur le cur chun feidhme na mbeart feabhsaithe acmhainneachta uile a leagtar amach cheana sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe agus dlúthfhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar chur chun feidhme tráthúil na mbeart sin. Measann an Coimisiún gur cheart don Ghréig aghaidh a thabhairt, tríd an bpróiseas faireacháin sin, ar aon riosca go mbeidh moill ar chur chun feidhme na mbeart feabhsaithe acmhainneachta a leagtar síos sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe.

**Athbhreithniú ar na spriocanna acmhainneachta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

(31) I gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, d'athbhreithnigh an Coimisiún na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a leagtar amach i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige i leith na n-aerfort dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas amach nach bhfuil na spriocanna sin ina gcúis imní.

**Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta**

(32) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 go raibh na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach atá beartaithe agus atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Gréige a cuireadh isteach in 2024 ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais. Mhol an Ghréig spriocanna athbhreithnithe costéifeachtúlachta faoi bhealach mar chuid dá dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe.

(33) Léirítear sa tábla thíos na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta athbhreithnithe atá beartaithe ag an nGréig sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe.

| Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige | Luach bonnlíne 2019 | Luach bonnlíne 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe,** arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022) | **26,93 EUR** | **22,28 EUR** | **22,99 EUR** | **22,10 EUR** | **21,57 EUR** | **23,38 EUR** | **24,14 EUR** |

(34) Tugann an Coimisiún faoi deara go ndearna an Ghréig athbhreithniú ar a spriocanna costéifeachtúlachta áitiúla le haghaidh gach bliana de TT4, rud a fhágann, i gcomparáid leis an dréachtphlean feidhmíochta a cuireadh isteach in 2024, go bhfuil laghdú ar an gcostas aonaid arna shuí ('CAAS') le haghaidh gach bliana de TT4. Thairis sin, thug an Ghréig na luachanna bonnlíne CAAS cothrom le dáta freisin le haghaidh na mblianta 2019 agus 2024. Tugann an Coimisiún dá aire go dtugtar aghaidh san athbhreithniú a rinne an Ghréig ar a luach bonnlíne le haghaidh 2019 ar an toradh a d'ardaigh an Coimisiún in aithris 92 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 maidir le coigeartuithe gan údar ar an luach bonnlíne sin a sainaithníodh. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go ndéantar an luach bonnlíne athbhreithnithe le haghaidh 2019 a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a ríomh i gceart agus go bhfuil údar leordhóthanach leis.

(35) An laghdú ar an CAAS dá dtagraítear in aithris (34), is toradh é go príomha ar na toimhdí tráchta cothrom le dáta le haghaidh TT4 a chuir an Ghréig i bhfeidhm i gcomhréir le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne STATFOR Eurocontrol ó mhí Feabhra 2025. Cuirtear i láthair sa tábla thíos an líon aonad seirbhíse faoi bhealach a réamh-mheastar sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe le haghaidh gach bliana de TT4.

| **Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réamhaisnéis tráchta chothrom le dáta,** arna léiriú i mílte aonad seirbhíse faoi bhealach | **8 274** | **8 571** | **8 790** | **9 010** | **9 180** |

(36) Sa tábla thíos léirítear costais athbhreithnithe arna suí na Gréige le haghaidh TT4, arna sloinneadh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022 ('EUR2022').

| **Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costais athbhreithnithe arna suí i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022** | **EUR190 M** | **EUR189 M** | **EUR190 M** | **EUR211 M** | **EUR222 M** |

(37) Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe a mholann an Ghréig, bunaithe ar na critéir a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(38) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa an treocht CAAS faoi bhealach ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT4, mar atá, +1,6 %, ná an treocht ar fud an Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,2 %.

(39) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go sáraíonn an treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach le linn na tríú tréimhse thagartha agus TT4, mar atá -1,2 %, an treocht ar fud an Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá -1,0 %.

(40) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 22,28 le haghaidh CAAS na Gréige in EUR2022 45,0 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 40,54 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7, pointe (c), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(41) Mar a leagtar amach in aithrisí (39) agus (40), is léir go sáraíonn treocht fhadtéarmach CAAS na Gréige an treocht chomhfhreagrach ar fud an Aontais agus go bhfuil luach bonnlíne na Gréige le haghaidh 2024 i bhfad níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bac é an diall ón treocht CAAS ar fud an Aontais le haghaidh TT4 dá dtagraítear in aithris (38) ar spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta na Gréige a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais.

(42) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (33) go (41), measann an Coimisiún gur thug an Ghréig aghaidh leordhóthanach ar na moltaí a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1040 maidir leis an athbhreithniú ar a spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta áitiúla. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur cheart a mheas go bhfuil na spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe a chuir an Ghréig sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

**Athbhreithniú ar na spriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

(43) I gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, d'athbhreithnigh an Coimisiún na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a leagtar amach i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige i leith na n-aerfort dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Fuarthas amach nach bhfuil na spriocanna sin ina gcúis imní.

**CONCLÚIDÍ**

(44) I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe na Gréige comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Ghréig isteach le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4'), agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

*Airteagal 2*

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Apostolos TZITZIKOSTAS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

**Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe arna chur isteach ag an nGréig, a cinneadh a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha**

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA SÁBHÁILTEACHTA

### Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

| **An Ghréig** | **Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna léiriú mar leibhéal cur chun feidhme** i raon idir leibhéil A agus D de chuid EASA | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann** | **Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
| **HASP** | Beartas agus cuspóirí sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Bainistíocht riosca sábháilteachta | C | C | C | C | **D** |
| | Dearbhú sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Cur chun cinn sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Cultúr sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

### Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

| **An Ghréig** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil,** arna léiriú mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír | **2,11 %** | **2,08 %** | **2,03 %** | **1,97 %** | **1,93 %** |

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA hACMHAINNEACHTA

### Meánmhoill BSAT faoi bhealach ina nóiméid in aghaidh na heitilte

| **An Ghréig** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**, arna léiriú i nóiméid moille BSAT in aghaidh na heitilte | **0,34** | **0,25** | **0,19** | **0,16** | **0,16** |

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA NA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**

**Costas aonaid arna shuí le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

| Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Gréige | Luach bonnlíne 2019 | Luach bonnlíne 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna costéifeachtúlachta athbhreithnithe,** arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuí (i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022) | **26,93 EUR** | **22,28 EUR** | **22,99 EUR** | **22,10 EUR** | **21,57 EUR** | **23,38 EUR** | **24,14 EUR** |